



PREASEISIÚINT Uimh. 20/24

Lucsamburg, 30 Eanáir 2024

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-118/22 | Direktor na Glavna direktsia 'Natsionalna politsia' pri MVR – Sofia

An ceart go ndéanfaí léirscriosadh: tá stóráil ghinearálta agus neamh-idirdhealaitheach sonraí bithmhéadracha agus géiniteacha daoine a ciontaíodh go coiriúil go dtí go bhfaighidh siad bás contrártha le dlí an Aontais

Ní fhéadfaidh na húdaráis phóilíneachta sonraí bithmhéadracha agus géiniteacha a bhaineann le daoine a bhí faoi réir ciontú coiriúil críochnaitheach i gcion coiriúil intinníúil a thagann faoi raon feidhme an ionchúisimh phoiblí a stóráil gan aon teorainn ama eile seachas bás an duine lena mbaineann. Fiú má tá údar cuí leis an stóráil ghinearálta agus neamh-idirdhealaitheach sin chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó pionóis choiriúla a chur ar an rialaitheoir athbhreithniú rialta a dhéanamh an bhfuil gá atá leis an stóráil sin i gcónaí nó gan an ceart chun na sonraí sin a léirscriosadh a dheonú don duine sin, ós rud é nach gá iad a stóráil a thuilleadh chun na críocha sin a bhaint amach ar chucu a dhéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil.

Sa Bhulgáir, cláraíodh duine i gclár na bpóilíní le linn imeachtaí imscrúdaithe as mionn éithigh a thabhairt. Ar deireadh, fuarthas ciontach sa chion sin é agus gearradh pianbhreith phromhaidh bliana air. Tar éis dó an phianbhreith sin a chur isteach bhain an duine sin tairbhe as athinmheachán. Ar an mbonn sin, rinne sé iarratas go mbainfí de chlár na bpóilíní é. De réir dhlí na Bulgáire, coinnítear a sonraí sa chlár sin agus féadfaidh na húdaráis a bhfuil rochtain acu ar na sonraí iad a phróiseáil gan aon teorainn ama seachas a bhás. Diúltaíodh dá iarratas ar an bhforas nach bhfuil ciontú coiriúil críochnaitheach, fiú i gcásanna ina ndéantar athinmheachán, ar cheann de na forais lena ndéanfaí clárú a scriosadh ó chlár na bpóilíní. Ar achomharc, tharchuir Cúirt Riaracháin Uachtarach na Bulgáire ceisteanna faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais.

Ina breithiúnas, measann an Chúirt go bhfuil **stóráil ghinearálta agus neamh-idirdhealaitheach sonraí bithmhéadracha agus géiniteacha daoine a ciontaíodh go coiriúil go dtí go bhfaighidh siad bás contrártha le dlí an Aontais.**

Tugann an Chúirt dá haire gurb iad na sonraí pearsanta atá stóráilte i gclár na bpóilíní sa Bhulgáir, inter alia, méarloirg, grianghraif agus samplaí DNA a bhailiú chun críche próifiliú. Beidh sonraí ann sa chlár freisin a bhaineann leis na cionta coiriúla a rinne an duine lena mbaineann agus a chiontuithe ar an mbonn sin. **D'fhéadfadh sé go mbeadh sonraí den sórt sin fíor-riachtanach chun a fhóirú an bhfuil an duine lena mbaineann rannpháirteach i gcomhthéacs cionta coiriúla eile chomh maith leis na cionta ar ciontaíodh é ina leith go críochnaitheach.** Mar sin féin, níl an baol céanna ann go mbeadh na daoine go léir a ciontaíodh i gcion coiriúil a thagann faoin gcoincheap sin páirteach i gcionta coiriúla eile, rud a thugann údar le tréimhse aonfhoirmeach stórála sonraí a bhaineann leo. Ag féachaint do thosca amhail cineál agus tromchúis an chiona a rinneadh nó easpa atitimeachas, ní gá go dtabharfaidh an riosca a léiríonn an duine ciontaithe údar cuí leis na sonraí a bhaineann leis a stóráil sa chlár póilíneachta dá bhforáiltear chun na críche sin go dtí a bás. Dá bhrí sin, níl an teorainn ama sin iomchuí ach amháin in imthosca sonracha lena dtugtar údar cuí léi. Ní amhlaidh atá an cás nuair a chuirtear a

leithéid i bhfeidhm go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach maidir le haon duine a ciontaíodh go cinntitheach i gcion coiriúil intinníúil. Tá ceangal ann de réir dhlí an Aontais go **bhforálfar le reachtaíocht náisiúnta oibleagáid a chur ar an rialaitheoir athbhreithniú rialta a dhéanamh an bhfuil gá fós leis an stóráil sin agus an ceart chun na sonraí sin a léirscriosadh a dheonú don duine lena mbaineann.**

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir le cinneadh na Cúirte Breithiúnais. Tá an cinneadh seo ina cheangal freisin ar aon chúirt nó binse náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist dlí chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) an bhreithiúnais ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar [‘Europe by Satellite’](#) ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

